Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**11801/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2013/0072 (COD)**

**AVIATION 114**
**CONSOM 234**
**CODEC 1433**
**PE 96**

**NÓTA FAISNÉISE**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 lena mbunaítear comhrialacha maidir le cúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí sa chás nach gceadaítear dóibh bordáil agus sa chás ina gcuirtear eitiltí ar ceal nó go gcuirtear moill fhada orthu, agus Rialachán (CE) Uimh. 2027/97 maidir le dliteanas aeriompróirí i ndáil le hiompar paisinéirí agus a gcuid bagáiste d'aer<br>- An toradh ar an tríú léamh i bParlaimint na hEorpa<br>(Strasbourg, an 6 go dtí an 9 Iúil 2026) |

## I. RÉAMHRÁ

Chinn an Chomhairle gan na leasuithe ar an dara léamh i bParlaimint na hEorpa an 24 Márta 2026 a fhormheas. Tháinig an Coiste Idir-réitigh le chéile an 20 Aibreán agus an 2 Meitheamh 2026. Tar éis do chomhchathaoirligh an Choiste Idir-réitigh litreacha a mhalartú an 12 agus an 15 Meitheamh 2026, dheimhnigh comhchathaoirligh an Choiste Idir-réitigh an 15 Meitheamh 2026 d'Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus d'Uachtarán na Comhairle gur fhormheas an Coiste téacs comhpháirteach.

Chuir an rapóirtéir, Andrey NOVAKOV (PPE, BG) agus Cathaoirleach thoscaireacht Pharlaimint na hEorpa chuig an gCoiste Idir-réitigh, Roberta METSOLA (PPE, MT), tuarascáil faoi bhráid an tseisiúin iomlánaigh inar moladh go bhformheasfaí an téacs comhpháirteach, tar éis do na dlítheangeolaithe athbhreithniú a dhéanamh air.

## II. VÓTÁIL

De bhun Airteagal 294(13) CFAE, an 7 Iúil 2026, d'fhormheas Parlaimint na hEorpa an téacs comhpháirteach ina léirítear toradh chruinnithe an Choiste Idir-réitigh.

Tá téacs an rúin reachtaigh ó Pharlaimint na hEorpa i gceangal leis an nóta seo.

## III. GLACADH AN GHNÍMH REACHTAIGH TAR ÉIS AN TRÍÚ LÉAMH I bPARLAIMINT NA hEORPA AGUS SA CHOMHAIRLE

Formheasfaidh an Chomhairle an téacs comhpháirteach ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo.

A luaithe a fhormheasfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon toradh chruinniú an Choiste Idir-réitigh, glacfar an Rialachán i bhfoirm an téacs chomhpháirtigh, dá bhforáiltear in Airteagal 294(13) CFAE.

Nuair a bheidh sé sínithe ag Uachtaráin Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, foilseofar an Rialachán in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

## P10_TA(2026)0238

## Cearta aerphaisnéirí

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 7 Iúil 2026 ar an téacs comhpháirteach, arna fhormheas ag an gCoiste Idir-réitigh, le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 lena mbunaítear rialacha comhchoiteanna maidir le cúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí i gcás ina ndiúltaítear cead bordála dóibh nó i gcás ina gcuirtear eitiltí ar ceal nó ina gcuirtear moill fhada orthu agus Rialachán (CE) Uimh. 2027/97 maidir le dliteanas aeriompróirí i ndáil le hiompar paisinéirí agus a gcuid bagáiste d’aer (PE-CONS 00039/2026 – C10-0144/2026 – 2013/0072(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an tríú léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don téacs comhpháirteach a d’fhormheas an Coiste Idir-réitigh (PE-CONS 00039/2026 – C10-0144/2026),

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 11 Iúil 2013[1],

– tar éis di dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

– ag féachaint don seasamh uaithi ar an gcéad léamh[2] ar an togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2013)0130),

– ag féachaint don seasamh uaithi ar an dara léamh[3] ar an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh[4],

– ag féachaint don tuairim a d’eisigh an Coimisiún faoi na leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa ar an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh (COM(2026)0129),

– ag féachaint don seasamh ón gComhairle ar an dara léamh,

– ag féachaint d’Airteagal 294(13) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

---

1 IO C 327, 12.11.2013, ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/ga/TXT/?uri=celex:52013AE2576.

2 IO C 93, 24.3.2017, ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=celex%3A52014AP0092/Téacsanna arna nglacadh an 5.2.2014, P7_TA(2014)0092.

3 Téacsanna arna nglacadh an 21.1.2026, P10_TA(2026)0009.

4 IO C, C/2025/5782, 30.10.2025, ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=celex%3A52025AG0010%2801%29.

– ag féachaint do Riail 79 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil óna toscaireacht chuig an gCoiste Idir-réitigh (A10-0191/2026),

1. ag formheas an téacs chomhphháirtigh;

2. á threorú dá hUachtarán an gníomh a shíniú le hUachtarán na Comhairle, i gcomhréir le hAirteagal 297(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh;

3. á threorú dá hArd-Rúnaí an gníomh a shíniú, a luaithe a bheidh sé fíoraithe go bhfuil na nósanna imeachta ar fad curtha i gcrích go cuí, agus, i gcomhaontú le hArd-Rúnaí na Comhairle, socrú a dhéanamh maidir lena fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*;

4. á threorú dá hUachtarán an rún reachtach seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.